# Grúpa na Sionainne 2016

- Caiteachas Caipitiúil **€13.1 Milliún**
- Brabús roimh cháin **€7.3 Milliún**
- Láimhdeachas **€67.2 Milliún**
- Paisinéirí **1.748 Milliún**
- Oidhreacht na Sionainne breis is **904,000** cuairteoirí
- Bailithe do charthanachtaí **€76,000**

## FORBHREATHNÚ AIRGEADAIS

| | **2016 €'000** | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **67,231** | 65,561 |
| **Brabús oibriúcháin mar a tuairiscíodh (tar éis míreanna eisceachtúla)** | **7,093** | 7,049 |
| Gnóthachain athluachála maoin infheistíochta | **(4,513)** | (3,611) |
| Ioncam eile (lena n-áirítear gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní) | **(253)** | (1,102) |
| Míreanna eisceachtúla ^ | **1,334** | 901 |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | **3,661** | 3,237 |
| Dímheas agus amúchadh | **3,916** | 3,649 |
| **EBITDA (roimh mhíreanna eisceachtúla agus athluachálacha maoin infheistíochta)** | **7,577** | 6,886 |

^ Féach leathanach 63 le haghaidh sonraí faoi mhíreanna eisceachtúla

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

## IS FÉIDIR LINN NÍOS MÓ A BHAINT AMACH LE CHÉILE



### BLIAIN DHEARFACH EILE

Ba bhliain dearfach eile í 2016 do Ghrúpa na Sionainne. Leanamar lenár gcuspóirí a thabhairt i gcrích maidir le líon na bpaisinéirí ag Aerfort na Sionainne a mhéadú, líon na gcuairteoirí chuig ár láithreáin oidhreachta turasóireacha ar fud na hÉireann a mhéadú agus athbheochan a dhéanamh ar ár gcóiríocht ghnó le hinfheistíocht agus jabanna a mhealladh chuig an réigiún.

### GRÚPA NA SIONAINNE – CATALAÍOCH D'FHÁS

Ní féidir an nasc idir an rath atá ar Ghrúpa na Sionainne agus rath eacnamaíoch réigiún an Iarthair agus an Iarthair Láir a shéanadh.

Is catalaíoch d'fhás sa réigiún é Grúpa na Sionainne. Soláthraíonn an t-aerfort rochtain ríthábhachtach do thurasóirí agus do ghnólachtaí; soláthraíonn Maoin Tráchtála na Sionainne cóiríocht ghnó ar ardchaighdeán le hinfheistíocht agus jabanna a mhealladh, agus soláthraíonn Oidhreacht na Sionainne 'cúiseanna le cuairt a thabhairt ar an réigiún' do chuairteoirí ón gcoigríoch gach bliain. Fostaíonn an Grúpa os cionn 680 duine go díteach san ardséasúr agus spreagann sé fostaíocht ar fud an réigiúin trína ghníomhaíochtaí.

Cuireann sé go díreach le rath eacnamaíochta na hÉireann agus trí leanúint lenár bpleananna a fhorfheidhmiú, tá súil againn gur féidir linn tionchar Ghrúpa na Sionainne a mhéadú chun leasa níos mó daoine fós sa réigiún.

### POF NUA GHRÚPA NA SIONAINNE LE BHEITH I GCEANNAS AR AN STRAITÉIS I LEITH FÁIS

I Meitheamh 2016, cheap an Bord Matthew Thomas mar POF ar Ghrúpa na Sionainne cpt. Tá os coinn 20 bliain de thaithí ag Matthew agus eolas fairsing aige ar thionscal na heitlíochta in éineacht le saineolas suntasach tráchtála. Tá an t-ádh linn príomhfheidhmeannach a fháil leis an gcumas agus an taithí idirnáisiúnta atá ag Matthew le bheith i gceannas ar ár straithéis i leith fáis.

### FEIDHMIÚ FEABHSAITHE GNÓTHAIS

Rinne Grúpa na Sionainne dul chun cinn seasta i 2016 le láimhdeachas de €67.2 milliún agus EBITDA de €7.6 milliún á thaifead, ar mhéadú 10% ar 2015 é, ag léiriú feidhmíochta agus riocht láidir dúinn maidir le fás sa todhchaí.

D'Aerfort na Sionainne, ba bhliain í 2016 inar tharla comhdhlúthú ar na gnóthachain shuntasacha a déanadh ó 2013 nuair a d'éirigh an t-aerfort neamhspleách. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí ag an aerfort don cheathrú bliain as a chéile le os cionn 1.748 milliún ag eitilt tríd an aerfort, méadú 2% ar 2015. Ó d'éirigh sé neamhspleách tá an t-aerfort tar éis méadú carnach os cionn 24% a thaifead ar líon na bpaisinéirí.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoin tábhacht atá le nascacht dhíreach aeir leis na príomhmhargaí le cur ar chumas luch gnó Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE) a sholáthar. Tá sin fós riachtanach d'fhorbairt an gheilleagair réigiúnach. Táimid ag tnúth le hoibriú lenár bpáirtithe leasmhara uile le leanúint le hAerfort na Sionainne agus an réigiún níos leithne a fhorbairt.

Tharla fás suntasach ar Oidhreach na Sionainne, an tionscnóir is mó ar nithe is díol spéise do thurasóirí de lá agus d'oíche in Éirinn, i 2016. D'fhás líon na gcuairteoirí 30% ar ionaid is díol spéise do thurasóirí lae agus siamsaíochta oíche i bpunann Oidhreacht na Sionainne ar léi iad agus a ndéanann sí bainistiú orthu sa Chlár, Luimneach, Gaillimh agus Baile Átha Cliath.

Thug os cionn 904,000 duine ar fad cuairt ar na hionaid is mó is díol spéise do thurasóirí, ar a n-áirítear Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, Caisleán Rí John agus Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde. Áirithe sna figiúirí seo freisin, den chéad uair, tá ionad cuairteoirí GPO Witness History atá á bhainistiú ag Oidhreacht na Sionainne, a d'oscail i mBaile Átha Cliath i Márta 2016 agus a rinne os cionn 160,000 cuairteoir a mhealladh sa chéad 9 mí.

Cé go raibh feidhmíocht iontach ag Grúpa na Sionainne i 2016, tá gá le tuilleadh oibre lena chinntiú go leantar le feabhas a chur ar ghnó trí éifeachtúlacht costais a bhaint amach ar fud chuideachtaí an Ghrúpa.

### AG TÓGÁIL DON TODHCHAÍ

Bhí mórán d'fhócas Ghrúpa na Sionainne i 2016 dírithe ar bhonneagar a sholáthar le IDE agus infheistíocht dhúchasach a mhealladh chuig an réigiún, agus feabhas a chur ar ár dtairiscint do chustaiméirí.

Táimid chun leanúint lenár gclár fairsing caipitil, le hinfheistíocht á dhéanamh ar os cionn €13 milliún ar fud chuideachtaí an Ghrúpa i 2016. Ó bunaíodh Grúpa na Sionainne i Meán Fómhair 2014, tá infheistíocht beagnach €30 milliún déanta againn ar fud réimse leathan tionscadal.

I 2016, thug Aerfort na Sionainne faoi chlár suntasach infheistíochta caipitil le feabhas a chur ar thaithí na bpaisinéirí ag forigneamh stairiúil an chríochfoirt. Déanadh €6 milliún a infheistiú i réimse tionscnamh aerfoirt ar a n-áirítear, feabhas ar sheirbhísí do chustaiméirí, uasghrádú ar chomhlíonadh na dtionscadal dóiteáin agus éifeachtúlachta fuinnimh.

I 2016, rinne cuideachta réadmhaoine an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, ar leis 2.6 milliú tr cr de spás foirgnimh, os cionn 300 foirgneamh agus breis aus 1,600 acra talún forbartha ar fud chontaetha an Chláir, Luimneach, Tiobraid Árann, Uíbh Fhailí agus Ciarraí, dul chun cinn suntasach maidir le soláthar na chéad chéime athfhorbartha €26 milliún ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Faoi dheireadh 2017, beidh Maoin Tráchtála na Sionainne tar éis forbairt a dhéanamh ar os cionn 200,000 tr cr d'ard-déantúsaíocht, trádstóráil agus spás oifige úrscothach. Cuirfidh an chóiríocht nua gnó seo lenár gcumas infheistíocht agus jabanna a mhealladh chuig an gceantar.

Leanann Grúpa na Sionainne le tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar bhraisle an Ionaid Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta de bhreis agus 50 gnó eitlíochta agus aerspáis sa tSionainn.




“...Le tiomantas leanúnach na bpáirtithe leasmhara go léir ag obair le chéile, gur féidir linn todhchaí níos fearr a chrothú chun leasa na ndaoine sa réigiún seo.”



I 2016 fuarthas maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann i dtaca le hIonad Fiontraíochta agus Goir, le bheith suite ag Teach Aerfort na Sionainne, i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, a osclóidh i lár 2017.

### TÁ COMHOIBRIÚ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT RIACHTANACH

Ag féachaint ar an tírdhreach náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha, is léir go bhfuil dúshláin gheilleagracha romhainn amach. Tá a fhios againn gur ionann réigiúin láidre agus geilleagar láidir náisiúnta. Tá forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom riachtanach do gheilleagar an réigiúin go mbeadh ar a chumas a acmhainn a bhaint amach.

Tá an Rialtas le moladh as fadbhreathnaitheacht maidir le tionscnaimh an-dearfacha a thabhairt isteach a bheidh an-tábhachtach maidir leis an tírdhreach a shocrú d'fhás fócasaithe geilleagrach go náisiúnta agus sa réigiún sna blianta amach anseo.

Leis an Taoiseach ag seoladh chomhairliúcháin an Chreat Pleanála Náisiúnta faoi cheannas an Aire Coveney, tá slí chriticiúil d'fhorbairt na tíre go léir á cruthú. Tá sé tábhachtach gur ann do phlean ní amháin d'fhás leanúnach Bhaile Átha Cliath, ach ceann a chuirfeadh ar chumas na réigiúin agus na cathracha lasmuigh den ardchathair a n-acmhainn iomlán amach. Éileoidh seo smaointeoireacht agus pleanáil straitéiseach agus is gá dúinn go léir páirt a ghlacadh ann.

Tá Grúpa na Sionainne ag tnúth le cur go dearfach agus go tairbheach leis an gcomhairliúchán seo agus tá sé ag obair le réimse de pháirtithe leamhara le béim a chur ar shraith tionscnamh lena chinntiú go mbaineann an réigiún a acmhainn iomlán geilleagrach amach chun leasa a dhaoine.

Tá na spriocanna fáis atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Jabanna, mar a dtugtar cúnamh do gach réigiún a n-acmhainn gheilleagrach agus sóisialta a bhaint amach, ag teacht le fís Ghrúpa na Sionainne maidir le fás anseo san Iarthar Láir agus tá said le moladh.

Is príomh-thionscnaíocht é seoladh *'Ár nAcmhainn Tuaithe a Réadú'*, ar phlean gníomhaíochta €60 milliún forbartha tuaithe é a nocht an Rialtas i mí Eanáir 2017, a ceapadh le fás a spreagadh lasmuigh den ardchathair. Is acmhainní ríthábhachtacha iad ár bpobal agus ár réigiúin tuaithe ar ghá iad a chothú agus tacú leo. Cuireann Grúpa na Sionainne fáilte roimh an bplean gníomhaíochta toisc go dtacaíonn sé leis an obair atá ar siúl cheana féin le réigiúin láidre a thógáil i dtreo is go mbeadh rath ar Éirinn ar fad.

Táimid tar éis aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus iad a shárú san am atá caite agus táim sásta gur féidir linn a leithéid a dhéanamh arís ach oibriú go dearfach i gcomhpháirtíocht ar fud an réigiúin. Táimid níos láidre le chéile agus is féidir linn níos mó a bhaint amach le chéile.

### AITHEANTAS

D'éirigh linn ár gcuspóirí do 2016 a bhaint amach, go háirithe maidir le clár infheistíochta a sholáthar ar fud an Ghrúpa chun leasa ár bpáirtithe leasmhara agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mbainistíocht agus ár bhfostaithe as a dtiomantas agus a gcuid oibre crua. Tá na tionscnaimh a raibh siad ina mbun i rith na bliana tar éis cabhrú linn ár gcuspóirí fáis a bhaint amach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus spreagadh ár scairshealbhóir, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross, TD, i rith na bliana. Ba mhór againn an tacaíocht a fuarthas ó oifigigh a roinne i rith 2016.

Bhí scileanna agus saineolas Bhord Ghrúpa na Sionainne riachtanach maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ár gcuspóirí agus iad a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtuiscint agus a dtiomantas maidir leis an nGrúpa a threorú agus a rialú i rith na bliana.

I mBealtaine 2016, rinne Pat Dalton cinneadh, mar thoradh ar ualach oibre méadaithe, éirí as Bord Ghrúpa na Sionainne. Ba mhaith le Bord agus bainistíocht Ghrúpa na Sionainne buíochas a ghabháil leis an Uasal Dalton as ucht a chuid am agus a thiomantas agus guímid gach rath air ina fhiontair ghnó sa todhchaí. Chuir sé go mór le Grúpa na Sionainne, agus roimhe sin le Bord Aerfort na Sionainne, agus bhí fairsinge a chuid eolais agus saineolais sárluachmhar.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí uile a thug tacaíocht d'Aerfort na Sionainne, d'Oidhreacht na Sionainne agus do Mhaoin Tráchtála na Sionainne, agus is mór againn a ndílseacht.

Táimid paiseanta maidir le hacmhainn ár réigiúin a bhaint amach agus cé go mb'fhéidir go bhfuil mórán neamhchinnteachtaí a bhaint leis an todhchaí, táim cinnte le tiomantas leanúnach na bpáirtithe leasmhara go léir ag obair le chéile, gur féidir linn todhchaí níos fearr a chrothú chun leasa na ndaoine sa réigiún seo.

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

# ATHBHREITHNIÚ AG NA BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

## LE CHÉILE – AG UASMHÉADÚ ÁR N-ACMHAINNEACHT



### CAIBIDIL NUA Á OSCAILT AG GHRÚPA NA SIONAINNE

Is mór agam é an deis seo a bheith agam a bheith i gceannas ar an gcéad chaibidil eile i ndul chun cinn Ghrúpa na Sionainne. Tá acmhainn ag Grúpa na Sionainne, seachas aon aonán tráchtála eile sa réigiún, le dea-thionchar a bheith aige ar fhorbairt gheilleagrach. D'fhonn go leanfadh an réigiún ag déanamh go maith, tá gá againn le níos mó daoine a bheith ina gcónaí agus ag obair anseo agus le níos mó turasóirí ag teacht chuig an gcósta thiar.

Tá ionad íocónach ag an tSionainn i stair na heitlíochta agus tá gliodar orm a bheith tagtha chun na Sionainne agus go hÉirinn ag an am seo nuair atá deiseanna iontacha ann.

Is ábhar misnigh é go léiríonn na staitisticí is déanaí ón ÚFT go raibh réigiún an Iarthair Láir ar an réigiún ba thapúla fáis lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i 2016, le na 16 cuideachta a d'fhógair oibríochtaí nua nó méadaithe ag tabhairt na nascachta domhanda a sholáthraíonn Aerfort na Sionainne mar phríomhchúis len iad a bheith lonnaithe ar an gcósta thiar.

Cruthaíodh os cionn 1,500 jab mar dá bharr agus measann an ÚFT go gcruthaítear seacht bpost sa gheilleagar níos leithne as gach 10 jab a chruthaítear trí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE). Mar an gcéanna, is iad na turasóirí a thagann díreach go hÉirinn trí Aerfort na Sionainne is faide a fhanann ar an gcósta thiar, a chaitheann níos mó airgid agus a spreagann níos mó jabanna sa gheilleagar áitiúil, ag tacú le tábhacht Ghrúpa na Sionainne mar thiománaí ar an ngeilleagar.

Tá iarracht á dhéanamh againn trí chuideachtaí Ghrúpa na Sionainne le níos mó nascachta aeir a sholáthar, a bheith chun tosaigh i bhforbairt maoine tráchtála agus níos mó cuideachtaí a mhealladh le lonnú san Iartha Láir agus saoráidí turasóireachta den scoth a sholáthar le níos mó cuairteoirí a mhealladh chuig an réigiún.

### UASMHÉADÚ ÁR NACMHAINNEACHT

Ó thosaigh mé le Grúpa na Sionainne bhí deis agam tuiscint a fháil ar éagsúlacht gach cuideachta de chuid an Ghrúpa agus ar na sineirgí nádúrtha atá eatarthu. Ag tús 2017, neartaigh athruithe bainistíochta cumas Ghrúpa na Sionainne le feidhmiú mar phríomhthiománaí fáis don réigiún. Bhí an-áthas orm Mary Considine a cheapadh mar Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa na Sionainne, Andrew Murphy mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort na Sionainne agus John Ruddle mar Stiúrthóir Forbartha Gnó Nua ar Oidhreacht na Sionainne. Déanfaidh na ceapacháin uasmhéadú ar acmhainneacht an Ghrúpa agus ar ár gcúnamh le fás sa réigiún.

D'fhonn go mbeidh ar ár gcumas tuilleadh acmhainne fáis a thabhairt i gcrích ar fud Ghrúpa na Sionainne leanfar le luas a chur faoinár gclár uailmhianach infheistíochta caipitil. Ó bunaíodh an Grúpa i Meán Fómhair 2014, tá infheistíocht beagnach €30 milliún déanta againn, i réimse tionscnamh le taithí níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí agus infreastruchtúr a chruthú le cur ar chumas níos mó daoine oibriú sa cheantar.

Áirítear inár gclár infheistíochta caipitil cúig bliana tuilleadh infheistíochta suntasach ar fud an Ghrúpa agus déanfar níos mó ná dúbailt ar ár gclár infheistíochta caipitil bliantúil i 2017. Déanfar níos mó ná €20 milliún a infheistiú in Aerfort na Sionainne le feabhas a chur ar shaoráidí ar a n-áiríear an rúidbhealach, bialanna, tolglanna feidhmeannach agus siopa Saor ó Dhleacht na Sionainne.

### ATHBHREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA

Is cuideachta féinmhaoinitheach, leathstáit é Grúpa na Sionainne cpt a fhostaíonn os cionn 680 san ardséasúr. Bhí €67.2 milliún mar láimhdeachas againn i 2016. Rinne an Grúpa brabús iarchánach de €6.6 milliún ceathrú chomhdhlúthú a dhéanamh ar ár sruthanna ioncaim agus leanúint le díriú ar ár mbonn costais a bhainistiú. Tá an Grúpa sáor ó fhiacha fadtéarmacha agus bhí €25.7 milliún ar fad mar thaisce airgid againn ag deireadh na bliana.

### AERFORT NA SIONAINNE

Feidhmíonn Aerfort na Sionainne seirbhísí chuig 35 ceann scríbe in 11 tír faoi láthair. I margadh idirnáisiúnta atá an-iomaíoch rinne an t-aerfort an ceathrú bliain fáis ar phaisinéirí a sholáthar ó déanadh neamhspleách é. I rith na bliana bhain an tSionainn bealaí nua amach ar a n-áirítear seirbhís nua Dhún Éideann, bealaí nua geimhridh chuig Fuerteventura agus Malaga, in éineacht le heitiltí breise chuig Lanzarote agus breis acmhainne ar na bealaí atá ann.

Ba bhliain dhearfach í 2016 maidir le gnó nua a fhorbairt don aerfort, le ceithre aerlíne, Scandinavian Airlines, Lufthansa, Norwegian Air International agus Kuwait Airways, go léir ag fógairt oibríochtaí sa tSionainn. Seo í an chéad uair le 10 mbliana gur fhógair na ceithre aerlíne, nua do sceideal na Sionainne, seirbhísí in aon bhliain amháin.

Bhí an RA, an margadh is mó ag an tSionainn, buacach i 2016 le os cionn 758,000 paisinéir, méadú 7% ar an mbliain roimhe sin. D'fhill margadh SAM ar uimhreacha dearfacha arís, le os cionn 396,000, méadú 4% ar 2015, ag eitilt chuig agus ó chúig ceann scríbe Meiriceánach, aerfoirt JFK Nua-Eabhrac, Newark, Bostún, Chicago agus Philadelphia.

Déanann an tSionainn i bhfad níos fearr ná a cosúlacht i dtéarmaí nascachta le SAM agus le Norwegian Air International ag fógairt dhá sheirbhís nua chuig Nua-Eabhrac agus Bostún i 2017, cuirtear leis an riocht sin mar thairseach trasatlantach chuig iarthar na hÉireann. Cruthaíonn an fógra is déanaí seo socrú gan fasach chuig SAM ón tSionainn, le cúig aerlíne, seacht gceann scríbe agus ocht seirbhís.

Is ábhar misnigh é fás 24% a bhaint amach ar líon na bpaisinéirí ó 2013. Is maith a thuigimid áfach má tá méadú le leanúint ar nascacht, go bhfuilimid ag brath ar thacaíocht ónár gcustaiméirí dísle d'aerlínte nua agus do bhealaí nua ón tSionainn, ag feidhmiú mar ambasadóirí don Aerfort nuair a fhaigheann siad an deis. Déanann Aerlínte athbhreithniú leanúnach ar inmharthanacht tráchtála bhealaí, dá bhrí sin tá sé tábhachtach go dtugtar tacaíocht do na bealaí seo i dtreo is gur féidir linn a chinntiú go mbíonn siad inbhuanaithe sa todhchaí.

Táimid tiomanta tuilleadh feabhais a chur ar thaithí ár gcustaiméirí ag Aerfort na Sionainne agus tá uasghrádú €3 milliún ar tholglann idirthurais an aerfoirt agus ar gheataí imeachta na hEorpa críochnaithe againn i 2016. Bhí athchóiriú ar an tolglann idirthurais i gceist leis an tionscadal seo agus áis nua lónadóireachta agus cúirt bhia cruthaithe.

## OIDHREACHT NA SIONAINNE

I 2016, chuir Oidhreacht na Sionainne, ár gcuideachta turasóireachta oidhreachta, fáilte roimh os cionn 904,000 cuairteoir chuig a láithreáin, ar ionann é agus méadú 30% ar uimhreacha 2015. Bhí baint áirithe ag ár n-ionad nua is díol spéise do thurasóirí, GPO Witness History a d'oscail i mBaile Átha Cliath um Cháisc 2016 agus ar éirigh thar barr leis le os cionn 160,000 cuairteoir le linn an chéad 9 mí dá fheidhmiú.

Lean Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i gCo. an Chláir agus Caisleán Rí John i gcathair Luimnigh ag feidhmiú go láidir, le méadú 9% ar líon na gcuairteoirí go dtí os cionn 352,000 agus 5. 4% go beagnach 110,000 faoi seach.

Cuireann an Chuideachta leis an ngeilleagar áitiúil gach bliain in ioncam seachtháirge agus fostaítear os cionn 350 duine i mbarr an tséasúir. Tugann sí tacaíocht indíreach freisin do mhórán jabanna sa réigiún níos leithne.

Déanadh athfhorbairt €1 milliún ar Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, ceann dár bpríomhionaid is díol spéise do thurasóirí, i 2016 le siopa nua miondíola, caifé agus nithe nua tarraingteacha timpeall na Páirce. Mar thoradh ar an bhforbairt tá 30 duine breise fostaithe ag an láthair.

## MAOIN TRÁCHTÁLA NA SIONAINNE

I 2016, lean ár gcuideachta réadmhaoine Maoin Tráchtála na Sionainne le hinfheistíocht a dhéanamh ina punann agus déanadh dul chun cinn suntasach madiir leis an gcéad chéim de mhórchlár athfhorbartha a sholáthar ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne ar chostas réamh-mheasta de €26 milliún.

Is ann atá 150 cuideachta cheana féin ag fostú breis agus 7,000 duine, agus Limistéar Neamhchustaim na Sionainne (SFZ) ar cheann de shócmhainní lárnacha an réigiúin agus clár infheistíochta ar bun a chabhróidh le soláthar ard-déantúsaíochta suntasach nua, trádstóráil agus freastal ar spás oifige le tacú leis an saothar faoi threoir an ÚFT agus Fiontraíocht Éireann maidir le hinfheistíocht isteach sa réigiún.

Díreadh os cionn 12 mí ó fógraíodh an clár athfhorbairtha do Limistéar Neamhchustaim na Sionainne tá os cionn €8 milliún de thionscadail críochnaithe, le €18 milliún le bheith críochnaithe faoi shamhradh 2018.

Ar an obair a críochnaíodh i 2016 bhí méadú €6 milliún 67,000 tr.cr, ar shaoráid déantúsaíochta ardteicneolaíochta ar an bhfoirgneamh GE Sensing ag Limistéar Neamhchutaim na Sionainne (críochnaithe san Aibreán); athchóiriú €1.3 milliún ar shaoráid oifige agus trádstórais 56,000 tr.cr. ag foirgneamh Magellan Aviation Services Ltd ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne (críochnaithe i mí Eanáir); agus athchóiriú €1 milliún ar Universal House, bloc oifigí ceithre urlár i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne Thiar (críochnaithe i mí na Samhna).

Is iad na mórthionscadail eile atá ar siúl ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne: bloc oifigí Grád A 55, 000 tr. cr. ar €10 milliún, le bheith críochnaithe i mBealtaine 2018; spás oifige 100,000 tr.cr. ar €4 milliún, ceardlann innealtóireachta agus saoráid trádstórais mar a raibh foirgneamh Boart roimhe sin, a bheidh críochnaithe faoi Bhealtaine 2017; agus aonad déantúsaíochta ardteicneolaíochta 33,000 tr. cr. ar €4 milliún ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne (Bloc E), le tógáil le bheith críochnaithe faoi Aibreán 2018.

Is cumasóirí tábhachtacha iad na hinfheistíochtaí seo ar ghníomhaíocht infheistíochta isteach sa réigiún. Is mór an spreagadh dom é leibhéal tiomantais agus tacaíochta lucht gnó sa réigiún agus táimid tiomanta oibriú lenár bpáirtithe leasmhara uile maidir le comhfhís agus acmhainn ár réigiúin a thabhairt i gcrích.




"Tá sé tábhachtach gur ann do phlean ... a chinntíonn go mbaineann na réigiúin agus cathracha lasmuigh den ard chathair a n-acmhainn iomlán amach"



# ATHBHREITHNIÚ AG NA BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN *(ar lean)*

## IASC

Tá an braisle is mó de chuideachtaí aerspáis agus eitlíochta in Éirinn sa tSionainn, le os cionn 50 cuideachta agus os cionn 1,600 fostaithe, agus iad tugtha le chéile faoi bhranda IASC, an Lárionad do Sheirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta.

Is é ár misean braisle de thionscal na heitlíochta a mbeadh suntas domhanda ag baint leis a dhéanamh as IASC, trí acmhainn agus scála an bhraisle a fhorbairt agus a cur chun cinn ar fud an domhain. Chuige sin, oibrímid in éineacht le ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann chomh maith lenár margaíocht agus ár ngníomhaíochtaí forbartha gnó féin.

Mar thionscnóir ar bhraisle IASC, oibríonn Grúpa na Sionainne d'fhonn an braisle a fhorbairt, trí chabhrú leis na gnólachtaí eitlíochta agus aerspáis atá ann a ngnó a fhorbairt, agus trí chuideachtaí nua ó thar lear a mhealladh chuig an gceantar.

I 2016, fuair IASC maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann le forbairt a dhéanamh ar a Ionad Fiontraíochta agus Goir le héascú a dhéanamh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar ghnólachtaí nuathionscanta sa tSionainn, le fócas ar leith ar na hearnálacha aerspáis agus eitlíochta. Ósclófar an tlonad seo i Meitheamh 2017.

Tá buanna aerspáis agus eitlíochta na Sionainne agus réigiún an Iarthair Láir dea-aitheanta, agus déanfaidh ár bhforbairt leanúnach ar IASC acmhainní aerspáis na hÉireann a thógáil agus cur leis an ngeilleagar náisiúnta, ag cinntiú go bhfanann Éire mar lárionad domhanda don tionscal seo.

## TÁ FORBAIRT RÉIGIÚNACH ÉIFEACHTACH RIACHTANACH

Tá acmhainn sa Chreat Pleanála Náisiúnta le dea-thionchar a bheith aige ar rathúnas na ndaoine a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den ardchathair ar shlí nár éirigh ach le beagán tionscnamh a dhéanamh. Tá sé tábhachtach gur ann do phlean ní amháin d'fhás leanúnach Bhaile Átha Cliath ach ceann a chinntíonn go mbaineann na réigiúin agus na cathracha lasmuigh den ardchathair a n-acmhainn iomlán amach.

Cuirimid fáilte roimh an bpróiseas seo a sholáthraíonn fóram le plé a dhéanamh ar an mbonneagar a bheith de dhíth ar na réigiún d'fhonn geilleagar níos cothroime a fhorbairt agus a sholáthar ar fud na hÉireann. Beidh forbairt an chreata seo riachtanach d'fhorbairt ár dtíre sa todhchaí. Tá plean de dhíth orainn a dhéantar a fhorbairt trí dhlúth-chomhoibriú go réigiúnach agus go náisiúnta.

Tá na comhábhair go léir in iarthar na hÉireann go mbainfí cuspóirí an chreata pleanála seo amach. Tá cathracha bríomhara againn i nGaillimh agus i Luimneach, le coláistí iontacha tríú leibhéal ag cur céimithe ardoilte ar fáil, agus flúirse tithíochta ar chostas réasúnta, punann de roghanna cóiríochta do ghnó nua agus iad go léir i láthair iontach le Slí an Atlantaigh Fhiáin in aice láimhe.

Tá cuspóirí an Chreat Pleanála Náisiúnta maidir le jabanna a chruthú agus an daonra a fhás sa réigiún seo, ag brath ar níos mó IDE a mhealladh agus tionsclaíocht dhúchasach iomaíoch a chothú. Leanfaidh an nascacht a sholáthraíonn Aerfort na Sionainne le bheith mar shócmhainn ríthábhachtach don réigiún maidir le tuilleadh cuideachtaí IDE a mhealladh. Mar cheann de na catalaígh is mó maidir le fás chósta an iarthair ar fad, tá Grúpa na Sionainne ag tnúth le cur go dearfach leis an bplé seo.

## TIOMANTA DÁR BPOBAL

Táim thar a bheith mórálach as clár fairsing Freagrach Shóisialta Chorparáideach (FSC) an Ghrúpa agus go bhfuil sé tábhachtach don fhoireann go mbeadh dea-thionchar againn ar an bpobal ina bhfuilimid inár gcónaí agus ag obair. Tá dúil láidir rud éigin a thabhairt ar ais neadaithe inár gcultúr corparáideach agus tá sé bunúsach don bhealach ina mbíonn gnó á dhéanamh againn ar fud chuideachtaí an Ghrúpa.

In éineacht leis na céimeanna maidir le cosaint ár gcomhshaoil a chur i bhfeidhm, tá áthas orainn a bheith ag obair le réimse grúpaí pobail le tacaíocht a sholáthar i réimsí atá tábhachtach dúinn araon.

Ina theannta seo, táimid tiomanta freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí ar gach bealach is féidir linn. An bhliain seo caite tugamar clár uathachais agus riachtanais speisialta isteach ag Aerfort na Sionainne a ceapadh le haerthaisteal a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí agus dá dteaghlaigh agus táimid an-sásta leis an toradh dearfach.

## TÁ COMHPHÁIRTÍOCHT RIACHTANACH

Táim mórálach as a bheith i gceannas ar ghrúpa daoine a aithníonn a thábhachtaí atá Grúpa na Sionainne don réigiún ar a bhfuilimid ag freastal agus ba mhaith liom buíochas a ghabhail leis an bhfoireann bainistíochta agus leis na fostaithe as ucht a dtreallús agus a ndíograis. Is é an tiomantas seo ó gach cearn dár nGrúpa a thiomáinfidh ar aghaidh sinn agus a chinnteoidh go mbíonn rath orainn sa todhchaí.

Táimid fíorbhuíoch den tacaíocht iontach a fuaireamar ón ár bpáirtithe leasmhara go léir ar a n-áirítear ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann, na Comhairlí Cathrach agus Contae, na Comhlachais Tráchtála ar a n-áirítear Comhlachas Tráchtála Mheiriceánach na hÉireann, ár gcoláistí tríú leibhéal agus lucht gnó chontaetha an Iarthair Láir agus an Iarthair. Táimid ag tnúth le leanúint le rannpháirtíocht dhearfach agus thorthúil sna blianta atá romhainn.

Cé go bhfuil ionchas dearfach i ndán don Ghrúpa, is gá dúinn feabhas a chur ar ár n-iomaíochas go leanúnach agus le forfheidhmiú an Chreat Pleanála Náisiúnta agus céimeanna eile de chuid an Rialtais le fás a spreagadh lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath, dá deis ollmhór againn go mbainfeadh Éire ar fad a hacmhainn iomlán amach.

Níl amhras ach go bhfuil níos mó dúshláin romhainn, ach mar sin féin, agus sinn ag obair i gcomhpháirtíocht níos dlúithe lenár bpáirtithe leasmhara leis an réigiún a chur chun cinn mar phríomhláthair turasóireachta agus tionsclaícohta, creidim gur féidir leinn acmhainn iomlán an réigiúin a thabhairt i gcrích.

**Matthew Thomas**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# INFHEISTÍOCHT IN ÁR DTODHCHAÍ

## LEANADH GO GASTA LE CLÁR INFHEISTÍOCHTA CAIPITIÚLA GHRÚPA NA SIONAINNE I NGACH CEANN DEN TRÍ CHUIDEACHTA I 2016 LE CAITEACHAS OS CIONN €13 MILLIÚN, LE HINFHEISTÍOCHT IOMLÁN Ó BUNAÍODH AN GRÚPA I MEÁN FÓMHAIR 2014 Á THABHAIRT GO DTÍ €30 MILLIÚN.

NÍL ANSEO ACH TÚS ÁR DTIOMANTAIS AGUS I 2017, TÁ SÉ BEARTAITHE AG AN NGRÚPA NÍOS MÓ NÁ DÚBAILT A DHÉANAMH AR A CHLÁR INFHEISTÍOCHTA CAIPITIÚLA GO DTÍ OS CIONN €30 MILLIÚN GACH BLIAIN.

Ar na príomhthionscadail a cuireadh chun cinn i 2016 bhí:

1 Spás oifige 100,000 tr cr, ceardlann innealtóireachta agus saoráid trádstórála ar €4 milliún san áit ina raibh foirgneamh Boart roimhe sin ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Táthar ag súil leis go mbeidh tionscadal Mhain Tráchtála na Sionainne críochnaithe faoi Bhealtaine 2017. Sa phictiúr ag an láthair agus scrúdú á dhéanamh acu ar dhul chun cinn tá (c-r): Matthew Thomas, POF, Grúpa na Sionainne agus Ray O'Driscoll, Stiúrthóir Bainistíochta, Maoin Tráchtála na Sionainne. Ina theannta sin chríochnaigh Maoin Tráchtála na Sionainne síneadh 67,000 tr cr ar €6 milliún ar fhoirgneamh Braite GE ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne Thoir, athchóiriú €1.3 milliún ar shaoráid 56,000 tr cr oifige agus trádstórais ag foirgneamh Sheirbhísí Eitlíochta Magellan, agus athchóiriú ar €1 milliún ar Universal House, bloc oifige ceithre stór ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.

2 Tugadh faoi uasghrádú fairsing €3 milliún ar limistéar iompair Aerfort na Sionainne agus ar na geataí imeachta chun na hEorpa i rith 2016. Áirítear ar na feabhsuithe athchóiriú iomlán ar an tolglann idirthurais agus ar na leithris, saoráid nua lónadóireachta agus cúirt bhia. Sa phictiúr agus iad ag scrúdú na hoibre tá (c-d): Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne, Niall Maloney, Stiúrthóir Oibríochtaí an Aerfoirt, Aerfort na Sionainne, agus Mary Considine, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Grúpa na Sionainne.

3 Ag tógáil ar an spiorad nuálaíochta inaitheanta leis an tSionainn, i 2016 rinne an t-aerfort ceannródaíocht ar an gcéad tástáil a baineadh as córas nua seiceála phaisinéara aerfoirt, agus má éiríonn leis is féidir go ndéanfadh sé an t-am a chaitheann na milliún paisinéirí a théann trí ghrinnfhiosrúchán slándála in aerfoirt ar fud an domhain a ghearradh ina leath. Tugann seo céimeanna slándála an AE agus na SA le chéile in aon láthair amháin mar chuid den tionscadal foriomlán ar a dtugtar XP-DITE. Sa phictiúr ag taispeántas den chóras nua tá (c-d): Niall Maloney, Stiúrthóir Oibríochtaí an Aerfoirt, Aerfort na Sionainne, John Francis, Príomhoifigeach Slándála, Aerfort na Sionainne agus an Dr Mike Kemp, ICONAL Technology Ltd.

4 D'oscail an tAire Patrick O'Donovan TD, Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt mór-uasghrádú €1 milliún ag Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite mar ar déanadh forbairt ar shiopa nua miondíola, caifé agus nithe nua is díol spéise timpeall na láithreach do chuairteoirí, go hoifigiúil i mí na Nollag 2016. Tháinig Irish Design Store na Sionainne, an branda miondíola is nuaí in Éirinn, in ionad an siopa a bhí ann, agus ar choincheap nua siopadóireachta é atá tar éis dúbailt a dhéanamh ar an mbunspás miondíola. Mar thoradh ar an bhforbairt tá 30 duine breise fostaithe ag an láthair. Tá deis á thabhairt anois do os cionn 100 gnó nua ó ar fud na hÉireann a dtairgí a thaispeáint ag an siopa. Sa phictiúr ag an oscailt tá Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne, An tAire Patrick O'Donovan agus Matthew Thomas, POF, Grúpa na Sionainne.

5 Na deirfiúracha Fiadh Ruddy, aois 3 (ar chlé) agus Siofra Ruddy, aois 4, as Órán Mór, Co. na Gaillimhe, sa phictiúr ag baint taitneamh as cupán tae ag caifé Mr. O'Regan's a osclaíodh le déanaí ag Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i gContae an Chláir.

2.







1. D'fhógair Scandinavian Airlines (SAS) seirbhís nua idir an tSionainn agus Stockholm




2. Tugadh spreagadh do nascacht na Sionainne le filleadh ar sheirbhís Réigiúnach Aer Lingus chuig Dún Éideann, á oibriú ag Stobart Air



3. Cuireann an tSionainn fáilte roimh an 6 milliúnú paisinéir ó d'éirigh sí neamhspleách i 2013



4. Bhí an Boeing 767 díchoimisiúnaithe, ag trial ar Shligeach, ar cheann de na lastais ba uathúala a sheol ar uiscí na hÉireann riamh




5. Comóradh 30 bliain ar Delta in Éirinn




6. Seolann Luftahansa seirbhís idir an tSionainn agus Frankfurt




7. Thosaigh Kuwait Airways ar sheirbhí nua iompair a oibriú chuig Aerfort na Sionainne

## AERFORT NA SIONAINNE BUAICPHOINTÍ EITLÍOCHTA 2016

Ba bhliain iontach í 2016 d'fhorbairt na heitlíochta sa tSionainn. Lean líon na bpaisinéirí ag an aerfort ag méadú, le 1.748 milliún taifeadta den chéad uair ó 2010. Soláthraíonn Aerfort na Sionainne ról ríthábhachtach tacaíochta don réigiún ó thaobh turasóireachta agus gnó de. Ó 2013, nuair a d'éirigh an t-aerfort neamhspleách, tharla aisiompú ar an laghdú ar líon na bpaisinéirí agus tharla méadú éachtach de 24% orthu. Bhí an fócas i 2016 ar chomhdhlúthú agus ar dhaingniú a dhéanamh ar an ngnóthú seo. I rith na bliana d'oibrigh an t-aerfort le béim a chur ar a sheirbhísí chuig 35 ceann scribe in 11 tír agus níos mó cúiseanna a thabhairt d'aerlínte agus do chustaiméirí an tSionainn a roghnú mar thairseach do ghnó agus do phléisiúr.

1 I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair Scandinavian Airlines (SAS) seirbhís nua ón tSionainn go Stócólm i 2017 ón 1ú Lúnasa go dtí an 7ú Deireadh Fómhair, ag feidhmiú dhá uair sa tseachtain. Sa phictiúr le 'ABBA' ag ócáid an fhógartha tá (ó chlé): Andrew Murphy, SB Aerfort na Sionainne, Declan Power, Ceann na Roinne Eitlíochta, Aerfort na Sionainne, Matthew Thomas, POF Grúpa na Sionainne agus Isabel Harrison, Bainisteoir, An Roinn Eitlíochta, Aerfort na Sionainne.

2 I mí na Márta tugadh spreagadh do nascacht na Sionainne le filleadh ar sheirbhís Réigiúnach Aer Lingus chuig Dún Éideann, á oibriú ag Stobart Air, atá ar cheann de na háiteanna is mó san Eoraip a mbíonn tóir uirthi don deireadh seachtaine. Sholáthair an tseirbhís os cionn 35,000 suíochán d'Aerfort na Sionainne i 2016, ar ardú go 45,000 in aghaidh na bliana ó 2017. Sa phictiúr ag seoladh an bhealaigh nua tá (ó chlé): Amy Scott, criú eitleáin Réigiúnach Aer Lingus, Mary Considine, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Calvin Long, ball de chriú eitleáin Réigiúnach Aer Lingus, Aoife McDarby, ball de Bhanna Píob CBS Shráid Uí Sheasnáin, agus Clodagh Purcell as Luimneach atá dhá bhliain d'aois.

3 Sa Mheán Fómhair, chuir an tSionainn fáilte roimh a 6 mhilliúnú paisinéir ó d'éirigh sí neamhspleách i 2013. Chabhraigh Aer Lingus le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcloch mhíle seo trí thicéad fillte go Nua-Eabhrac a thairiscint do phaisinéir ámharach amháin, Emmet Keary as Gaillimh. Sa phictiúr (ó chlé) tá: Sarah O'Grady, Criú Eitleáin Aer Lingus, Andrew Murphy, SB, Aerfort na Sionainne, Yvonne Muldoon, Stiúrthóir ar Dhíolacháin Aer Lingus, Emmet Keary, Matthew Thomas, POF, Grúpa na Sionainne agus Jenny Rafter, Ceann ar Fhorbairt Gnó-Fóillíochta Aer Lingus.

4 Ar an 4ú Bealtaine, bhí Boeing 767 díchoimisiúnaithe ar cheann de na lastais ba uathúala a sheol ar uiscí na hÉireann riamh. Bhí 'gach uile dhuine ar deic' sa tSionainn le foireann an aerfoirt ag cabhrú leis an tasc ollmhór an t-aerárthach 159-troigh, 50 tona meáchain, a fháil réidh dá chéad aistear. Déanadh an t-aerártha a lódáil ar bháirse do thuras farraige 36 uair an chloig ó Aerfort na Sionainne chuig a cheann scribe in Inis Crabháin, Co. Shligigh, mar a gcuirfear tús le ré nua dá shaol mar chuid d'eispéireas glampála ar leithligh.

5 Ar an 3ú Bealtaine, rinne Delta Air Lines ceiliúradh ar chomóradh 30 bliain in Éirinn, agus ar mheádú acmhainne beagnach 40% ar bhealach na Sionainne-Nua-Eabhrac, le himeacht ag Aerfort na Sionainne. Óna gcéad eitilt ón tSionainn ar an 8 Bealtaine 1986, tá Delta tar éis beagnach 1.7 milliún paisinéir a iompar ar an mbealach seo. Sa phictiúr ag an imeacht chomórtha tá (c-d); David Alan Gilliland, píolóta le Delta Air Lines, Audrey Murray agus Caroline Collins, Delta Air Lines agus Mary Considine, Leas-Phríomhoifieach Feidhmiúcháin, Grúpa na Sionainne.

6 I mí na Samhna, i vóta muiníne eile d'Aerfort na Sionainne, d'fhógair Lufthansa, ceann de na haerlínte is mó ar domhan, a chéad seirbhís aeir sceidealaithe ón tSionainn go Frankfurt. Ag tosú i 2017, beidh an tseirbhís ag feidhmiú go seachtainiúil ón 29ú Aibreán go dtí an 28ú Deireadh Fógmhair ag úsáid aerárthach A319. Cuirfidh an tseirbhís nua Frankfurt Main seo le tionscal na turasóireachta in Éirinn le tairseach á sholáthar do lucht saoire Gearmánach chuig croílár Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus deis do lucht saoire na hÉireann dul chuig cuid iontach den Ghearmáin. Sa phictiúr ag ócáid an fhógartha tá Matthew Thomas, POF Grúpa na Sionainne, Declan Power, Ceann na Roinne Eitlíochta, Aerfort na Sionainne agus Andrew Murphy, SB, Aerfort na Sionainne.

7 Ar an 24ú Meitheamh, thosaigh Kuwait Airways ag feidhmiú seirbhíse nua iompair chuig Aerfort na Sionainne ar a bhealach ó Chuáit go Nua-Eabhrac/JFK. Tá an tseirbhís ag feidhmiú trí uaire sa tseachtain le haerárthach Boeing 777-200 agus is í an chéad seirbhís ag Kuwait Airways in Éirinn í. Sa phictiúr le féinín á thógáil acu leis an ócáid a mharcáil tá (ó chlé): an Chéad Oifigeach Sinsearach Abdullah Alali, Andrew Murphy, SB, Aerfort na Sionainne agus Declan Power, Ceann na Roinne Eitlíochta, Aerfort na Sionainne.

shannon AIRPORT



# An Domhan i mBéal an Dorais Agat

Is Aerfort na Sionainne aerfort neamhspleách go n-oibríonn 24 - Seirbhís chloig gan aon sriantacht chuirfiú, sliotán nó srianta torainn agus tá sé suite idir tríú agus an ceathrú cathair is mó in Éirinn. Is Shannon an t-aerfort in Éirinn a chur ar fáil áiseanna réamh-imréitigh de Stáit d'aerárthaí tráchtála agus príobháideacha araon.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig **shannonairport.ie**

PAISINÉIR

GNÓ

LASTAS

# CUIREANN GRÚPA NA SIONAINNE FÁILTE ROIMH....

1.




2.




6.




7.



**TÁ CÁIL DHOMHANDA AR GHAIRIÚLACHT FHÁILTE NA NÉIREANNACH AGUS IS FÉIDIR LE CEANNAIRÍ DOMHANDA, RÉALTAÍ SCANNÁN, AGUS LE DAOINE IOMRÁITEACHA ACH GO HÁIRITHE A BHEITH CINNTE GO GCUIRFEAR FÁILTE CHROÍÚIL ROMPU SA TSIONAINN. I RITH 2016, LEAN GRÚPA NA SIONAINNE LEIS AN TRAIDISIÚN SEO AGUS CHUIR FÁILTE ROIMH SLUA DAOINE AR A RAIBH:**

1 I mí na Samhna, bhí deis ceart ag Iarthar na hÉireann a ceangal le Ceanada a mhéadú, nuair a thug Ambasadóir Cheanada chun na hÉireann, Kevin Vickers, cuairt ar Aerfort na Sionainne agus ar Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite. Bhuail an tAmbasadóir Vickers le hionadaithe ó Ghrúpa na Sionainne, ar a raibh an Cathaoirleach Rose Hynes, an POF Matthew Thomas, chomh maith leis an Aire Fostaíochta agus Gnólachtaí Beaga, Pat Breen TD.

2 I mí Aibreáin, síníodh comhaontú oifigiúil maidir le comhar eacnamaíochta idir Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus a chomhionann sa tSín, Limistéar Saorthrádála Píolótach na Síne (Shanghai) (SHFTZ). Soláthraíonn an Meabhrán Tuisceana bonn mar ar féidir féachaint ar dheiseanna a bheadh chun leasa an dá limistéar saorthrádála, ar a n-áirítear cuideachtaí sa dá limistéar a spreagadh le féachaint ar a chéile mar áit a bhféadfaí infheistíocht a dhéanamh inti.

3 Ar an Satharn 9ú Iúil thug an taiscéalaí, an t-eachtraí, an stairí agus an scríbhneoir Tim Severin cuairt fánach ar ais ar Chreagán Eoghain, Co. an Chláir, mar a gcoinnítear an Bád Bhréanainn, do chomóradh 40 bliain ar Iomramh Bhréanainn. I 1976 thug Tim agus ceathrar criú faoi thuras éachtach ó Chuas an Bhodaigh, Co. Chiarraí, le hathachtú a dhéanamh ar thuras Bhréanainn agus a chruthú go bhféafadh gur aimsigh an naomh agus a mhanaigh Meiriceá 500 bliain roimh Columbus.

4 Bhí lá iontach san oifig ag ball foirne Aerfort na Sionainne, Jackie Connolly, toisc gur éirigh léi bualadh le duine dá íocóin, an t-aisteoir galánta Sasanach Joanna Lumley, ag limistéar Saor ó Dhleacht na Sionainne i mí Lúnasa.

5 Chuir Aerfort na Sionainne ainm cáiliúil eile le 'Balla na nDaoine Cáiliúla' tar éis do dhuine de na hóstaigh seó cainte teilifíse is cáiliúla ar domhan, Sir Michael Parkinson, tuirlingt ag an aerfort i mí Mheán Fómhair. Cuireadh a ghrianghraf, a tógadh sa tSionainn, ar bhalla na ndaoine cáiliúla le os cionn 60 paisinéir eile cáiliúil sa tSionainn, a tháinig tríd an aerfort le 70 bliain anuas. Tá mórán den bhreis agus 2,000 ar chuir Sir Michael agallamh orthu ar 'Bhalla na nDaoine Cáiliúla' freisin, ar a n-áirítear Mohammed Ali,



3.



4.



5.




8.




9.



10.

Gene Kelly, Nelson Mandela, Marlon Brando, Bob Hope, Richard Burton agus Mick Jagger.

6 Tá stair fhada ag baint le hAerfort na Sionainne maidir le fáilte a chur roimh roinnt de na daoine is cáiliúla ar domhan, agus cuireadh fáilte roimh Michael Flatley sa Bhealtaine. Bhí an 'Lord of the Dance' ar a shuaimhneas tar éis dó tuirlingt sa tSionainn agus tá sé sa phictiúr anseo le Mary Considine, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Grúpa na Sionainne agus Nandi O'Sullivan, Ceannasaí Cumarsáide, Grúpa na Sionainne.

7 Cuireadh iontas gan choinne ar bheirt de na Gardaí is speisialta in Éirinn nuair a rinne siad scrúdú ar sheomra Aerfort na Sionainne do Dhaoine Móra le Rá i mí Lúnasa. Fuair na Gardaí Ceejay McArdle agus Jordan Perez, beirt lena scéalta laochais féin, léargas ar conas is féidir bualadh le beagnach duine ar bith ag an aerfort, ar a n-áirítear a laoch, laoch rugbaí na Mumhan agus na hÉireann CJ Stander.

8 Déanadh nasc réigiúin na Sionainne leis an tSín a athdhearbhú i mí Mheán Fómhair nuair a thug an tAmbasadóir chun na hÉireann, H.E. an Dr. Yue Xiaoyong, cuairt oifigiúil ar Aerfort na Sionainne. Bhuail an tAmbasadóir, a ceapadh Yue i mí Iúil, le toscaireacht na Sionainne, le Cathaoirleach Ghrúpa na Sionainne, Rose Hynes, i gceannas uirthi. Rinne an toscaireacht plé ar cheisteanna éagsúla ar a raibh acmhainn le ceangal eacnamaíoch a fhorbairt idir an tSionainn agus an tSín.

9 Uachtarán Poroshenko na Úcráine sa phictiúr ag Aerfort na Sionainne i Márta 2016 le Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne agus Mary Considine, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Grúpa na Sionainne.

10 I mí Iúil, rinne Ryan Tubridy a chlár maidine ar RTÉ a chraoladh beo ó Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite le cabhrú le feabhsúcháin nua ar an ionad a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí air a fhógairt. Tá infheistíocht €1 milliún ag an láthair díreach críochnaithe le siopa miodíola nua, caifé agus foirgneamh iontrála.

- Táimid dírithe i gcónaí in Aerfort na Sionainne ar riachtanais ár gcustaiméirí uile agus féachtar ar bhealaí nuálacha le barr feabhais a chur ar chúram custaiméirí. I 2016, rinneamar forbairt agus forfheidhmiú ar chlár cúram custaiméirí do dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cuireadh oiliúint ar fhoireann an aerfoirt le cabhrú le daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu agus lena dteaghlach lena dtaithí ar an aerfort a dhéanamh chomh héasca agus chomh saoráideach agus is féidir é. Soláthraítear rostbhandaí speisialta agus caipíní daorchluiche a cheadaíonn don fhoireann daoine a mbeadh cúnamh uathu a aithint. Ina theannta sin, tá réamh-thurais ar an aerfort do phaisinéirí agus dá dteaghlach ar fáil agus is féidir físeán teagaisc agus bróisiúr a aimsiú ar ár suíomh gréasáin.
- Tá an-áthas orainn tacú le Limerick Suicide Watch ina n-iarrachtaí áitreabh nua a aimsiú trí bhunáit oibriúcháin a sholáthar do ghrúpa breis agus 30 oibrí deonach ag an Tait Centre i gcathair Luimnigh, ar lenár gcuideachta réadmhaoine Maoin Tráchtála na Sionainne é. Déanann na hoibrithe obair sárluachmhar le patrólú na ndroichead i gCathair Luimnigh istoíche le cabhrú le daoine atá i gcruachás agus tá an-áthas orainn a ndéanann siad a aithint agus tacú leo ar bhealach ceart agus follasach.
- I mí an Mheithimh, rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar sheoladh imeachta don tSeachtain Feasachta Meabhairshláinte. Bhí an imeacht ar siúl ag Caisleán Rí John le dea-mheabhairshláinte a chur chun cinn sa phobal.
- Bhí an-tóir ar ár nEitiltí chuig San Nioclás arís i mbliana le 100,000 iarratas faighte ag an aerfort don 2,200 a bhí ar fáil. Déanadh an rogha de réir crannchuir leis na heitiltí roghnaithe curtha in áirithe do ghrúpaí le riachtanais speisialta.
- I rith na bliana sholáthair Maoin Tráchtála na Sionainne saoráidí do ghrúpaí pobail áitiúla saor ó chíos, in measc bhí Ord Mhálta (stóras Otharcharr ag Bóthar Childers, Luimneach) agus Ceolchumann na Sionainne (spás do chleachtadh ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne).
- Bhí an-áthas orainn urraíocht a dhéanamh arís ar Dhámhachtainí Ógra an Chláir an Gharda a ceapadh le haitheantas a thabhairt d'fheasacht shibhialta sármhaith agus cúnamh na ndaoine óga sa phobal.

### 3. TACÚ LENÁR BPOBAL GNÓ:

Tá Grúpa na Sionainne tiomanta tacú le lucht gnó agus bhí sé rannpháirteach i roinnt tionscnamh i rith na bliana:

- D'fhonn ár dtiomantas do lucht gnó na Gaillimhe a léiriú, rinne Aerfort na Sionainne urraíocht ar Dhámhachtainí Gnó Chomhlachas na Gaillimhe 2016 a thug aitheantas agus a chuir i láthair réimse de na fiontraithe gnó ab fhearr ón gcontae.
- Is moil iontu féin iad aerfoirt do ghnó agus do ghníomhaíocht turasóireachta agus bhí an-áthas orainn óstáil a dhéanamh i rith na bliana ar roinnt imeachtaí le tacú lená lucth gnó ar a raibh: imeacht do Chumann Onnmhaireoirí na hÉireann; tionscnamh ghnólachta nuathionscanta Bhanc na hÉireann agus imeacht líonraithe d'Fháilte Éireann.
- Thug an t-aerfort tacaíocht do thionscnamh ÚFT Éireann agus Scileanna Réigiúnacha an Iarthair Láir ina n-iarracht scileanna a thabhairt abhaile chuig an Iarthar Láir. Cuireadh comharthaíocht leis an teachtaireacht seo ar taispeáint ag halla eitiltí isteach an aerfoirt dírithe ar phaisinéirí a bhí ag filleadh abhaile don Nollaig.
- Sholáthair Dámhachtainí na mBan i nGnó Ghreasán Thiobraid Árann Thuaidh 2016 deis le haitheantas a thabhairt do scileanna fiontraíochta na mban i mbun gnó i dTiobraid Árann agus bhí an-áthas ar Aerfort na Sionainne tacú leis an imeacht seo.
- Arís rinne an t-aerfort 'Deasc Fáiltithe' a sholáthar do mhic léinn eachtracha Ollscoil Luimnigh.
- In iarracht ar chabhrú le hOspidéal Naomh Eoin, Luimneach, ina n-iarrachtaí ar fhoireann a earcú, rinne Aerfort na Sionainne éascú ar dheasc eolais i gcríochfort an aerfoirt.

2.

TRÁCHTAIRE IOMRÁITEACH RTÉ, MARTY MORRISSEY SA PHICTIÚR AG SEOLADH CHLÁIR NUA AERFORT NA SIONAINNE MAIDIR LE FEASACHT AR UATHACHAS AGUS RIACHTANAIS SPEISIALTA AGUS CÚRAM CUSTAIMÉIRÍ IN ÉINEACHT LE MARY CONSIDINE, GRÚPA NA SIONAINNE, GEAROID MANNION, A BHFUIL A BHEIRT LEANBH AG FREASTAL AR AN SCOIL ÁBALTA I NGAILLIMH DO LEANAÍ LE HUATHACHAS, AGUS NIALL MALONEY, AERFORT NA SIONAINNE



MATTHEW THOMAS, POF, GRÚPA NA SIONAINNE (AR DHEIS AR FAD) AG BRONNADH DÁMHACHTAINÍ GNÓ CHOMHLACHAS NA GAILLIMHE 2016 A BHÍ URRAITHE AG AERFORT NA SIONAINNE

3.



## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH *(ar lean)*

### 4. TIOMSÚ AIRGID AGUS TACÚ LE CARTHANACHTAÍ ÁITIÚLA

Creidimid gur chóir tacú le carthanachtaí ar bhealaí cearta follasacha agus gach bliain roghnaíonn fostaithe Ghrúpa na Sionainne carthanachtaí agus téann said i mbun tionscnamh le ciste a chruinniú dóibh. I 2016, thacaidh fostaithe Ghrúpa na Sionainne le Gréasán na hÉireann um Arthritis Leanaí (iCAN) agus Scoil Speisialta Ábalta do mhic léinn le huathachas i Gaillimh. Bhailigh ár bhfostaithe os cionn €76,000 trí thionscnaimh éagsúl do na carthanachtaí seo i rith na bliana. Ó bunaíodh an Grúpa i 2014, tá beagnach €160,000 bailithe ag ns fostaithe do charthanachtaí ar fud an réigiúin. Seo thíos cuid de tionscnaimh ar tugadh futhu i 2016:

- I mí an Mheithimh, chuaigh ár bhfostaithe i nGrúpa na Sionainne, le tacaíocht ó Aer Lingus, ar dhúshlán rothaíochta 110km ón tSionainn go Gaillimh dá gcarthanacht roghnaithe.
- Bhí an-áthas orainn tacú le feasacht maidir le réimse de charthnachtaí le feachtais 'Light Up' ag an aerfort agus ar fud ár láithreán oidhreachta. Ar na carthanachtaí ar tacaíodh leo bhí Feasacht i leith Féinmharú agus Ailse Óige.
- Sa Mhárta, thug Oidhreacht na Sionainne tacaíocht do thionscnamh le hairgead a bhailiú do Childline le himeacht a cuireadh ar siúl ag Caisleán Rí John a ndearna os cionn 50 cuideachta freastal air.
- Bhí an-áthas ar Aerfort na Sionainne tacú leis an ngníomhaireacht chabhrach Bóthar trí bheith mar chomhpháirtí oifigiúil eitlíochta d'aeraistriú speisialta Bóthar Ark ón aerfort. I mí Dheireadh Fómhair d'fhág lastas beo 40 bó dhéiríochta inlao, 260 muc, 200 gabhar déiríochta agus 1,000 sicín an tSionainn le saol nua a chaitheamh i Rwanda. Rinne an eitilt stairiúil seo comóradh 25 bliain a mharcáil ar an gcéad eitilt ag Bóthar ó Aerfort na Sionainne.
- Rinne an tAerfort éascú ar sheisiúin eolais agus ar thurais Chumas Éireann le feasacht a ardú maidir leis an gcarthanacht seo a sholáthraíonn seirbhísí saor in aisce do os coin 5,000 leanbh agus duine fásta faoi mhíchumas fisiceach, céadfach agus intleachta i 14 contae ar fud na hÉireann.
- Rinne ár bhfostaithe óstáil ar sheó faisin i gcríochfort an aerfoirt le hairgead a bhailiú do charthanachtaí Ghrúpa na Sionainne. Sholáthair an imeacht deis taispeántais do dhearthóirí faisin agus do bhúitíceanna ar fud an réigiúin.
- Chabhraigh Aerfort na Sionainne le grúpa an-speisialta de 150 leanbh as Belarus a thuirling ag Aerfort na Sionainne ar an 24 Meitheamh mar chuid de Chomóradh 30 bliain ar aeraistriú Chernobyl Children International (CCI) Adi Roche le leanaí a thabhairt amach as na réigiúin i Chernobyl a bhí buailte le cúram faoisimh a fháil in Éirinn.
- I rith na bliana thug Oidhreacht na Sionainne tacaíocht d'imeacht tiomsaithe airgid do charthanacht 'Yoga in the Park' ag a n-ionad do chuairteoirí ag Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde mar ar bailíodh breis airgid do Chernobyl agus don Laura Lynn Foundation.

### 5. COTHÚ OIDEACHAIS AGUS NUÁLAÍOCHTA

Tá Grúpa na Sionainne tiomanta oideachas agus nuálaíocht a chothú agus thug faoi na nithe seo a leanas i 2016:

- Tháinig os cionn 700 mac léinn ó cheann ceann na tíre le chéile ag Aerfort na Sionainne i mí Aibreáin don dara comórtas ag Nuálaithe Óga ITLG. Ba í aidhm an imeachta dúshlán a thabhairt do dhaoine óga smaointe maidir le gnó a cheapadh don domhan 50 bliain ó anois. Bhí an-áthas orainn óstáil a dhéanamh ar an imeacht seo don dara uair ag an aerfort.
- Lean fostaithe Ghrúpa na Sionainne lena gcomhpháirtíocht le Gnó sa Phobal agus le mic léinn na cúigiú bliana ó Choláiste Pobail na hInse, le spreagadh á thabhairt do na mic léinn seo fanacht in oideachas. Sholáthair ár bhfostaithe léargas ar ghairmeacha beatha in eitlíocht agus i dturasóireacht. Thug na mic léinn cuairt ar an aerfort agus ar stáisiún dóiteáin agus ar Chaisleán Rí John, i Luimneach, chomh maith le cainteanna gairmréime ó phearsanra Ghrúpa na Sionainne.
- I gcaitheamh na bliana rinne an t-aerfort éascú ar thurais in aisce ar an aerfort do scoileanna, do ghasóga agus do ghrúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- D'eagraigh fostaithe Ghrúpa na Sionainne turas chuig an aerfort do mhic léinn ó Choláiste Pobail na Scairbhe agus tugadh comhairle gairmréime dóibh.
- Rinne an t-aerfort éascú ar chuairteanna do mhic léinn staidéar Gnó sa Turasóireacht & Taisteal LIT agus do chéimithe Ollscoil Luimnigh in Eolaíocht Aerloingseoireachta agus Aeracmhainneacht.
- Soláthraíonn an Grúpa clár tiomnaithe oideachais ghnó agus taithí oibre do mhic léinn idirbhliana ó scoileanna ar fud an réigiúin.
- Is cuid de choiste líonraithe í Oidhreacht na Sionainne don Limerick Lifelong Learning Festival a d'eagraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhpháirtíocht PAUL. Bhí an tionscnamh seachtaine ar siúl in Aibreán 2016 le roinnt imeachtaí á n-óstáil ag Caisleán Rí John. Is toradh atá sa bhFéile ar shaothar chomhpháirtithe éagsúla le foghlaim a chur chun cinn do gach aois i Luimneach.

### 6. TACÚ LE HEALAÍN PHOIBLÍ AGUS LE CULTÚR

Rinne Grúpa na Sionainne bainistiú ar chlár Ealaíne agus Cultúir Phoiblí i 2016:

- Bhí Aerfort na Sionainne bródúil as urraíocht a thabhairt do Fleadh Cheoil na hÉireann Inis 2016, an fhéile cheoil traidisiúnta Gaelach is mó ar domhan. Tharraing an imeacht, a bhí ar siúl i mí Lunasa, os cionn 400,000 cuairteoir agus féachadh air ar fud an domhain. B'uirlis iontach í le hInis, Co. an Chláir agus a cultúr saibhir ceoil traidisiúnta Gaelach a chur chun cinn do lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Bhí áthas ar an aerfort óstáil a dhéanamh ar thaispeántas grianghrafadóireachta le John Kelly, ar ghrianghrafadóir a bhfuil duaiseanna buaite aige é, leis an nuachtán an Clare Champion i rith na bliana.
- Chuir an t-aerfort lena 'Bhalla na nDaoine Cáiliúla' atá ag méadú i dtolglann idirthurais an aerfoirt a dhéanann óstáil ar thaispeántas buan de ghrianghrafanna a léiríonn cuid de na sárnóiméid agus aighaidheanna a bhfuil cáil dhomhanda orthu a thug cuairt ar Aerfort na Sionainne le fiche nó tríocha bliain anuas. Bíonn an-tóir ag paisinéirí ar an taispeántas. Ar na grianghrafanna a cuireadh leis i 2016 bhí grianghrafanna de John Kerry, Rúnaí Stáit SAM agus Uachtarán na hÚcráine le linn dóibh cuairt a thabhairt ar Aerfort na Sionainne.
- Tugadh deis i rith na bliana do bhannaí as scoileanna áitiúla sa Chlár agus i Luimneach seinm os comhair lucht éisteachta beo ag Aerfort na Sionainne.

- In iarracht ar cheol agus rince na hÉireann a chur chun cinn, sheinm baill de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus grúpaí rince áitiúla do phaisinéirí ag Aerfort na Sionainne i rith na bliana.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar thaispeántas Ealaíontóirí Ceirmeach Luimnigh ag Caisleán an Rí i gcaitheamh mhí Lúnasa.

### 7. URRAÍOCHT SPÓIRT

Aithnimid a thábhachtaí atá spórt maidir le sláinte agus folláine coirp agus thugamar futhu seo a leanas i 2016:

- I mí Eanáir, bhí an-áthas ar Aerfort na Sionainne cabhrú leis an gclub rugbaí ban is rathúla in Éirinn, UL Bohemian, le hurraíocht a dhéanamh ar a ngeansaí foirne. Chuaigh an fhoireann ar aghaidh leis an bua a fháil i gCorn Rugbaí Sinsearach na mBan don Mhumhain.
- Mar chuid dár dtacaíocht leanúnach do spórt i rith na bliana rinneamar urraíocht ar roinnt imeachtaí áitiúla CLG, rugbaí, lúthchleasaíochta agus snámha ar fud an réigiúin.
- Thug an tríú Rith Rúidbhealaigh ag Meán Oíche ag Banc na hÉireann, a bhí ar siúl sa Mheitheamh, deis ar leith do rannpháirtithe rith ar rúidbhealach Aerfort na Sionainne. De bharr an éilimh a bhí ar seo mhéadaigh an líon rannpháirteach chuig 2,500 agus cuireadh dúshlán nua 7.5km leis an dúshlán móréilimh 5km.
- I rith na bliana bhí an-áthas ar Aerfort na Sionainne agus ar Mhaoin Tráchtála na Sionainne éascú a dhéanamh ar an Clare Stages Rally.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar cheann de rothaíocht charthanachta an raidió Live 95FM ar mhaithe le CARI agus Ark na Leanaí le os cionn 100 rothaí cruinnithe i gClós Chaisleán Rí John d'fháilteachas sular thug said faoina dturas 70 míle.



4. FOSTAITHE GHRÚPA NA SIONAINNE SA PHICTIÚR AG BRONNADH €76,000 AR NA CARTHANACHTAÍ BA ROGHA LEO DO 2016, GRÉASÁN NA HÉIREANN UM ARTHRITIS LEANAÍ (ICAN) AGUS SCOIL SPEISIALTA ÁBALTA DO MHIC LÉINN LE HUATHACHAS I GAILLIMH.



5. OS CIONN 700 MAC LÉINN Ó CHEANN CEANN NA TÍRE SA PHICTIÚR AG AERFORT NA SIONAINNE LE LINN CHOMÓRTAIS NUÁLAITHE ÓGA ITLG.




6. AG AN BHFÓGRA GO RAIBH URRAÍOCHT Á DHÉANAMH AG AERFORT NA SIONAINNE AR FHLEADH CHEOIL NA HÉIREANN INIS 2016

7. CAPTAEN RUGBAÍ NA HÉIREANN AGUS LEATHCHÚLAÍ CLIBIRTE OL BOHS NIAMH BRIGGS AGUS DARA LÍNE OL BOHS SARA HARTIGAN SA PHICTIÚR AG AERFORT NA SIONAINNE I MÍ EANÁIR 2016 TOISC GO NDEARNA AN TAERFORT URRAÍOCHT AR A BHFEISTEAS NUA.



# RÁITEAS COMHDHLÚITE BRABÚS NÓ CAILLTEANAIS
*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016*

| | Nóta | Iomlán na Míreanna Réamheisceachtúla 2016 €'000 | Míreanna Eisceachtúla (Nóta 3) 2016 €'000 | Iomlán 2016 €'000 | Iomlán na Míreanna Réamheisceachtúla 2015 €'000 | Míreanna Eisceachtúla (Nóta 3) 2015 €'000 | Iomlán 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 2 | **67,231** | - | **67,231** | 65,561 | - | 65,561 |
| Costas díolachán | | **(10,741)** | - | **(10,741)** | (10,009) | - | (10,009) |
| **Brabús comhlán** | | **56,490** | - | **56,490** | 55,552 | - | 55,552 |
| Costais riaracháin | | **(52,829)** | **(1,334)** | **(54,163)** | (52,315) | (2,141) | (54,456) |
| | | **3,661** | **(1,334)** | **2,327** | 3,237 | (2,141) | 1,096 |
| Ioncam eile | 4 | **4,766** | - | **4,766** | 4,871 | 1,240 | 6,111 |
| Costas eile | 4 | - | - | - | (158) | - | (158) |
| **Brabús oibriúcháin** | 5 | **8,427** | **(1,334)** | **7,093** | 7,950 | (901) | 7,049 |
| Ioncam airgeadais | 7 | **205** | - | **205** | 266 | - | 266 |
| Costas airgeadais | 7 | **(37)** | - | **(37)** | (26) | - | (26) |
| **Brabús roimh cháin** | | **8,595** | **(1,334)** | **7,261** | 8,190 | (901) | 7,289 |
| Creidmheas cánach (costas)/ioncaim | 8 | **(636)** | - | **(636)** | 6 | - | 6 |
| **Brabús** | | **7,959** | **(1,334)** | **6,625** | 8,196 | (901) | 7,295 |

Táthar ag leanúint le gach oibriúchán.

Is cuid lárnach iad na nótaí ar leathanaigh 55 go dtí 91 de na ráitis chomhdhlúite airgeadais seo.

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR STAID AN AIRGEADAIS
*mar a bhí ar 31 Nollaig 2016*

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **721** | 116 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 10 | **51,346** | 47,294 |
| Maoin infheistíochta | 11 | **66,155** | 58,485 |
| Sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol | 17 | - | 333 |
| Iasacht infhaighte | 12 | - | 430 |
| Léas airgeadais infhaighte | 13 | **308** | 316 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 14 | **136** | 92 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | **118,666** | 107,066 |
| | | | |
| Sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol | 17 | **68** | 135 |
| Léas airgeadais infhaighte | 13 | **32** | 32 |
| Fardail | 15 | **2,441** | 1,878 |
| Trádáil agus infháltais eile | 16 | **4,859** | 8,075 |
| Infheistíochtaí eile | 19 | **21,032** | 10,016 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 20 | **4,710** | 20,326 |
| **Sócmhainní reatha** | | **33,142** | 40,462 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **151,808** | 147,528 |
| | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | 21 | **38** | 38 |
| Ranníocaíocht chúlchiste caipitil | 21 | **112,275** | 112,275 |
| Tuilleamh coimeádta | | **14,339** | 7,899 |
| **Cothromas iomlán** | | **126,652** | 120,212 |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| Ioncam iarchurtha | 23 | **3,513** | 3,987 |
| Soláthairtí | 24 | **1,592** | 1,505 |
| Dliteanas léasa airgeadais | 25 | - | 80 |
| Sochar fostaí | 26 | **1,084** | 738 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | **6,189** | 6,310 |
| | | | |
| Trádáil agus suimeanna eile iníochta | 22 | **15,824** | 18,405 |
| Ioncam iarchurtha | 23 | **474** | 639 |
| Soláthairtí | 24 | **1,943** | 1,823 |
| Dliteanas léasa airgeadais | 25 | **80** | 93 |
| Dliteanais chánach reatha | | **646** | 46 |
| **Dliteanais reatha** | | **18,967** | 21,006 |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **25,156** | 27,316 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **151,808** | 147,528 |

Is cuid lárnach iad na nótaí ar leathanaigh 55 go dtí 91 de na ráitis chomhdhlúite airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Matthew Thomas**
*Stiúrthóir*

29 Márta 2017

## 4. IONCAM/(COSTAS) EILE

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glanmhéadú ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta (Nóta 11) | **4,513** | 3,611 |
| Aisiompú ar lagú iasachta infhaighte (Nóta 12) | **96** | - |
| Brabús ar dhiúscairt: | | |
| • Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol (Nóta 17) | **90** | 440 |
| • Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (Nóta 10) | - | 20 |
| • Réadmhaoin infheistíochta (Nóta 11) | **67** | 800 |
| **Ioncam eile** | **4,766** | 4,871 |
| | | |
| **Ioncam eisceachtúil** | | |
| Fáltais ó dhiúscairt leasa i sócmhainn airgeadais (Nóta 3) | - | 1,240 |
| | | |
| **Ioncam eile iomlán** | **4,766** | 6,111 |
| | | |
| Bearnú ar luach sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol (Nóta 17) | - | (158) |
| | | |
| **Costas eile iomlán** | - | (158) |

## 5. FAISNÉIS REACHTÚIL AGUS EILE

Brabús oibriúcháin an Ghrúpa tugtha i ndiadh mhuirir/(chreidmheasa):

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Dímheas | **4,234** | 3,966 |
| Amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe | **37** | 37 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(355)** | (354) |
| Cíos léasa oibriúcháin | **378** | 388 |
| | | |
| **Luach saothair an iniúchóra** | | |
| • iniúchóireacht ar ráitis airgeadais an Ghrúpa | **13** | 13 |
| • iniúchóireacht ar ráitis airgeadais na Cuideachta | - | - |
| • seirbhísí eile iniúchóireachta | **82** | 97 |
| • táillí ar sheirbhísí comhairleach maidir le cáin | **35** | 20 |
| • seirbhísí eile neamh-iniúchóireachta | - | - |
| | **130** | 130 |

Is fochuideachtaí a íocann táille iniúchóireachta na Cuideachta.

### 6. COSTAS SOCHAIR FOSTAÍ *(ar lean)*

Tugtar luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, nochta de réir threoirlínte ábhartha na roinne rialtais maidir le socruithe luach saothair na bPríomhfheidhmeannach ar Chomhlachtaí Tráchtála Stáit agus Alt 305 d'Acht na gCuideachtaí, thíos.

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Díolaíochtaí: | | |
| • Buntuarastal | **170,503** | 174,530 |
| • Sochair eile incháinithe | **28,919** | 19,896 |
| Díolaíochtaí iomlána | **199,422** | 194,426 |
| Ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe | **43,750** | 61,250 |
| | **243,172** | 255,676 |

Léiríonn an luach saothair thuas luach saothair iomlán an POF Matthew Thomas agus an t-iar-POF Neil Pakey maidir leis na tréimhsí faoi seach ina raibh siad in oifig i 2016. Ba iad na costais iomlána gnó ná €19,209 (2015: €7,800), nach bhfuil áirithe sna suimeanna atá nochta thuas. Níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis na blianta dar críoch 31 Nollaig 2016 ná 2015.

### 7. IONCAM/(COSTAS) AIRGEADAIS

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ús infhaighte ar thaiscí bainc ghearrthéarma agus ar iasacht infhaighte. | **179** | 239 |
| Ioncam infhaighte ar léas airgeadais (Nóta 13) | **26** | 27 |
| **Ioncam airgeadais** | **205** | 266 |
| Ús bainc iníoctha | **(12)** | - |
| Glanchostas úis ar scéim pinsin sainithe (Nóta 26) | **(23)** | (24) |
| Costas léasa airgeadais (Nóta 25) | **(2)** | (2) |
| **Costais airgeadais** | **(37)** | (26) |

## 17. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS ATÁ AR FÁIL LE DÍOL

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Grúpa** | | |
| **Ag tús na bliana** | **468** | 1,138 |
| Diúscairtí i rith na bliana (ii) | **(400)** | (512) |
| Bearnú sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol | - | (158) |
| **Ar an 31 Nollaig (i)** | **68** | 468 |
| Sócmhainní reatha | **68** | 135 |
| Sócmhainní neamhreatha | - | 333 |
| **Iomlán** | **68** | 468 |

**(i) Sócmhainní airgeadais**
Éiríonn sócmhainn airgeadais an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2016 as socrú sócmhainne airgeadais mar a bhfuil ceart ag an nGrúpa, mar chúiteamh ar infheistíocht talún, ar chéatadán den ioncam cíosa do thréimhse socraithe. Tá luach cóir na sócmhainne airgeadais bunaithe ar ionchur Leibhéal 3 – réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí lascainithe ag úsáid ráta lascaine de 12.7% (2015: 12.7%). Níltear ag súil leis go mbeidh tionchar ag an méadú/laghdú ar na boinn tuisceana bunúsacha .i. ráta lascainithe nó réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí, suntasach de bharr luach na sócmhainne.

**(ii) Diúscairtí i rith na bliana**
Bhí baint ag fochuideachta an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, leis na socruithe airgeadais seo a leanas, atá aitheanta mar shócmhainní airgeadais ar déanadh iad a dhiúscairt i 2016 agus 2015 faoi seach;

(a) as socrú sócmhainne airgeadais mar a raibh ceart ag an nGrúpa, mar chúiteamh ar infheistíocht talún, ar chéatadán den ioncam cíosa do thréimhse socraithe. Rinne an Grúpa an leas seo a dhiúscairt i rith 2016 ar fháltas de €490,000, le gnóthachan dá bharr de €90,000 (Nóta 4).

(b) socrú airgeadais d'fhonn foirgnimh oifige a fhorbairt, mar a bhfuair Maoin Tráchtála na Sionainne, mar chúiteamh ar infheistíocht talún, céatadán den bhrabús ar an ioncam fabhraithe ón bhforbairt.

Rinne an Grúpa an sócmhainn airgeadais seo a dhiúscairt i rith 2015. Áiríodh €952,000 sa bhfáltas iomlán ar an diúscairt seo a bhain le diúscairt chearta úinéireachta an Ghrúpa ar thalamh agus ar fhoirgnimh, le gnóthachan de €440,000 dá bharr. Bhain na fáltais eile de €1,240,000 le diúscairt ar a cheart ar bhrabús sa todhchaí ag éirí as an socrú airgeadais seo agus tá sé léirithe mar ghnóthachan eisceachtúil i 2015 (Nóta 3).

# DÁMHACHTAINÍ GHRÚPA NA SIONAINNE

## Bhain cuideachtaí Ghrúpa na Sionainne 28 duais réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta amach ó 2013, agus i measc na ngradam is déanaí áirítear:

- Rinne Oidhreacht na Sionainne bainistiú ar an taispeántas do thurasóirí GPO Witness History i mBaile Átha Cliath duais a bhaint amach mar an tEispéireas Cultúrtha is Fearr d'os cionn 100,000 duine agus bhain Oidhreacht na Sionainne duais freisin don Nuálaíocht is Fearr maidir le Turasóireacht Fóillíochta (Cathair) don taispeántas do thurasóirí i gCaisleán Rí John i Luimneach ag Dámhachtainí Thionscal Turasóireachta na hÉireann (Feabhra 2017)
- Bhain Aerfort na Sionainne an Gradam Aerfoirt amach ag Dámhachtainí Thionscal na hEitlíochta (Nollaig 2016)
- Bhain an Lárionad do Sheirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC) an duais amach do Sheirbhísí Tacaícohta Eitlíochta ag Dámhachtainí Thionscal na hEitlíochta (Nollaig 2016)
- Bhain Grúpa na Sionainne duais don Bhranda is Fearr amach ag Dámhachtainí Aitheantais náisiúnta InBUSINESS Chomhlachas na hÉireann (Nollaig 2016)
- Bhain Grúpa na Sionainne Duais Ghnó don Fhreagrach Chorparáideach Shóisialta is Fearr amach ag Dámhachtainí Gnó Réigiúnach Chomhlachais Luimnigh (Samhain 2016)
- Bhain Maoin Tráchtála na Sionainne duais amach do Limistéar Neamhchustaim na Sionainne ag Dámhachtainí Limistéir Neamhchustaim Dhomhanda na Bliana don Eoraip – an Limistéar Neamhchustaim is Fearr in Iarthar na hEorpa agus bhain ardmholadh amach sa chatagóir don Eoraip uile (Deireadh Fómhair 2016)
- Bhain Aerfort na Sionainne Duais Mhargaíochta na mBealach Domhanda amach d'aerfoirt faoi bhun 4 mhilliún paisinéir ag Dámhachtainí na mBealach Domhanda a bhí ar siúl sa tSín (Meán Fómhair 2016)
- Bhain Oidhreacht na Sionainne dhá Dhuais Sármhaitheasa Thurais Idirnáisiúnta CIÉ amach do Chaisleán & Gairdíní Mhullach Íde agus do Chaisleán an Rí, Luimneach (Eanáir 2016)

